



# **SPEICIS** IONRACHA

**NITHE PRAITICIÚLA IS  
FÉIDIR A DHÉANAMH**

**ÓSTÁN BHAILE CHLÁIR,  
BAILE CHLÁIR,  
CO. NA GAILLIMHE**  
Déardaoin an 23 Bealtaine  
2019 | 10.00am

# Clár

10.00am – 10.30am	Clárú & Tae/Caife
10.30am – 11.00am	<b>‘Dealing with Japanese Knotweed from a Local Authority Perspective’</b> le Peter Gill
11.00am – 11.30am	<b>‘Practical Control of Invasive Alien Species and the Importance of Biosecurity’</b> le Joe Caffrey
11.30am – 12.00 noon	<b>“Communication with our stakeholders- prevention and management of the introduction and spread of Invasive Species”</b> le Frances Lucy
12.30pm – 1.00pm	<b>‘Invasive Species: The County Galway approach’</b> le Janice Fuller & Rosina Joyce
1.00pm – 1.30pm	Lón
1.30pm – 3.00pm	<b>Speicis Ionracha – Comhairle &amp; Deiseanna chun Eolas</b> a fháil ó na cainteoirí agus ó bhaill foirne na n-údarás áitiúil atá i mbun oibre sa cheantar - baill foirne ó Chlár Uiscí an Údaráis Áitiúil, An Rannóg Comhshaoil, Bailte Slachtmhara, Bonneagar Iompair Éireann san áireamh

## Cé na daoine ar chóir dóibh freastal air seo?

Bailte Slachtmhara agus Grúpaí Pobail Eile, Feirmeoirí, Úinéirí Maoine, Ailtirí, Tógálaithe, Seandálaithe, Feighlithe Reilige, Baill Foirne Údarás Áitiúil, Rannpháirtithe Scéimeanna Sóisialta Tuaithe, Foraoiseoirí, Slatiascairí agus Garraodóirí.

# Beathaisnéisí

## Peter Gill

Tá Peter ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin Páirceanna le Comhairle Chontae Mhaigh Eo. Bhain Peter Diplóma i nGairneoireacht Thaitneamhachta amach i nGarraithe Náisiúnta na Lus i 1992 agus bhain sé Céim Onóracha BSc sa Ghairneoireacht amach in Ollscoil Leeds i 1996. Is duine gairmiúil díograiseach agus tiomanta é a bhfuil níos mó ná 20 bliain taithí aige i mbainistíocht tionscadail, éascaíocht phobail, pleananna feabhsaithe a fhorbairt agus a sheachadadh, maoiniú a aimsiú agus tionscadail chaipitil a chomhordú agus a chur i bhfeidhm (€10m+). Tá sé dírithe ar thorthaí, agus tiomanta don tasc atá idir lámha a chur i gcrích, go háirithe maidir leis an gClár um Athnuachan Uirbeach, CLÁR agus na cláir Feabhsaithe Sráidbhailte a bhainistiú agus a chur i gcrích. Aithnítear Comhairle Chontae Mhaigh Eo ar bhonn náisiúnta mar an t-údarás áitiúil is fearr ó thaobh bheith ina Eiseamláir Náisiúnta i ndáil le dul i ngleic leis an nGlúineach Bhiorach. Bhí Peter ina cheannaire ar an tionscadal agus rinne sé maoirseacht ar iarrachtaí MCC dul i ngleic leis an bhfadhb.

## An tOllamh Joe Caffrey

Bhí an tOllamh Joe Caffrey ina Eolaí Sinsearach le hIascach Intíre Éireann (IFI) le breis agus tríocha bliain. Bhí sé ina cheannaire ar Rannóg na Speiceas Ionrach san IFI, inar forbraíodh modhanna rialaithe i leith réimse leathan speiceas coimhthíoch ionrach agus inar tugadh faoi thaighde ina leith. Tá roinnt de na modhanna a d'fhorbair sé á gcur i bhfeidhm ar fud an domhain. Bhí Joe ina cheannaire tionscadail ar go leor tionscadal taighde/bainistithe náisiúnta agus idirnáisiúnta chun dul i ngleic le speicis ionracha agus bhí baint dhíreach aige le reachtaíocht náisiúnta agus AE a fhorbairt maidir leis na speicis sin. Tá níos mó ná 100 páipéar eolaíochta piarmheasúnaithe agus bainistithe scríofa aige d'irisí náisiúnta agus idirnáisiúnta. Chuaigh Joe ar luathscor in 2015 le bheith ina stiúrthóir in INVAS Biosecurity Ltd, áit a leanann sé dá chuid oibre le speicis ionracha. Cuireann INVAS Biosecurity Ltd. seirbhís ar conradh agus shainchomhairleoireachta ar fáil, bunaithe ar an bhfianaise eolaíochta is nua-aimseartha ina ndírítear ar speicis ionracha i suíomhanna uisceacha agus talún.



# Beathaisnéisí

## An tOllamh Frances Lucy

Tá an tOllamh Frances Lucy ina Ceann Rannóige san Eolaíocht Chomhshaoil san Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach. Mar thaighdeoir, tá sí ina Stiúrthóir ar CERIS, an Lárionad um Nuálaíocht agus Inbhuanaitheacht sa Taighde Comhshaoil san Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach. Is iad na príomhréimsí taighde atá aici an éiceolaíocht uisceach, speicis ionracha agus cáilíocht uisce. Tá Frances ina ceannaire ar thionscadal reatha an EPA maidir le ‘Speicis Coimhthíocha Ionracha a Chosc, a Rialú agus a Dhíothú’ agus tá baint aici freisin le taighde a dhéanamh ar speicis ionracha uisceacha trí thionscadal INTERREG CANN in éineacht leis an Ollamh Joe Caffrey. Chomh maith leis sin tá sí rannpháirteach i réimse tionscadal agus fóram idirnáisiúnta maidir le speicis ionracha san Eoraip agus i Meiriceá araon.

## Dr Janice Fuller

Is luibheolaí í Janice Fuller a bhfuil mioneolas aici ar flóra agus ar ghnáthóga na hÉireann bunaithe ar na blianta fada taithí atá aici sa réimse sin. Oibríonn sí mar Éiceolaí Shainchomhairleach agus is Moltóir í le Comórtas na mBailte Slachtmhara freisin. Tá roinnt foilseacháin maidir le stair an dúlra scríofa aici faoi chrainn, choillearnacha, fhálta sceach agus speicis ionracha. Is mór aici an fiúntas agus an tábhacht atá leis an dúlra agus leis an mbithéagsúlacht i ngnáthshaol an duine a chur chun cinn.

## Rosina Joyce

Is Maor Pobail í Rosina Joyce i gConamara. Déantar cur síos ar an ról atá aici mar “shúile agus cluasa” Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Spreagadh a suim i speicis ionracha ar dtús nuair a bhí sí ag comhrá agus faoi oiliúint ag Elaine O’Riordan (Iarbhairisteoir Thionscadal an Duine agus an Nádúr). Ina dhiaidh sin bhain sí M.Sc amach sa Bhithéagsúlacht agus sa Phleanáil Talamhúsáide in OÉ Gaillimh agus dhírigh a tráchtas dírithe ar ghlúineacha a dháileadh agus a rialú i dtuaisceart Chontae na Gaillimhe. Is ball í faoi láthair de Ghrúpa Oibre um Speicis Ionracha Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus leanann sí de shúil ghéar a choinneáil ar dháileadh agus ar mhinicíocht speiceas ionrach ar fud an chontae.



Is féidir áit ag an gceardlann seo a chur in áirithe ar

nó trí theagmháil a dhéanamh le:

**Marie Mannion**, Marie Mannion, An tOifigeach Oidhreachta, Comhairle Chontae na Gaillimhe.

Fón + 353 (0) 91 509198 nó ar ríomhphost [mmannion@galwaycoco.ie](mailto:mmannion@galwaycoco.ie)

nó

**Gráinne Smyth**, Pleanáil Chun Cinn, Comhairle Chontae na Gaillimhe.

Fón +353 (0)91 509121 nó ríomhphost [gsmyth@galwaycoco.ie](mailto:gsmyth@galwaycoco.ie)

nó

**Caroline Hannon**, Pleanáil Chun Cinn, Comhairle Chontae na Gaillimhe.

Fón +353 (0)91 509047 nó ríomhphost [channon@galwaycoco.ie](mailto:channon@galwaycoco.ie)

D'eagraigh Comhairle Chontae na Gaillimhe an cheardlann seo i gcomhar le Clár Uiscí an Údaráis Áitiúil.

Tá an chomhdháil seo páirtmhaoinithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe faoi

Phlean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe

Gníomh é seo de chuid Phlean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2017 - 2021



**Comhairle Chontae na Gaillimhe**  
**Galway County Council**



An Chomhairle Oidhreachta  
The Heritage Council

